

Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne- Maigh Chromtha

Nuachtlitir Uimh.5: Lúnasa 2021




Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Iompair
Department of Transport



Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland



Móroibreacha cré i Chúil Chomhair



Ceangal Isteach Thiar

Fáilte go Nuachtlitir uimh. 5 don N22 Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha.

Dul chun cinn le 3 mhí anuas

Foilsíodh Nuachtlitir Uimh. 4 ar an 13 Aibreán. Ó shin, tá dul chun cinn mór déanta ar an suíomh agus cuireadh roinnt droichidí substaintiúla i gcríoch sa **Chuid Thoir** de na hoibreacha:

1. Droichead Abha an tSuláin, ar droichead réise dhúbailte é.
2. Fo-dhroichead an lomaire thar bhóthar Áth an Chóiste, ar droichead réise dhúbailte é.
3. Droichead Abha na Láinne, ar droichead aon-réise é agus ina bhfuil na droichead-bhíomaí coinchréite réamhtheilgte is faide in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe ag breis agus 49m ar fhaid.

Tá dul chun cinn mór déanta chomh maith ar Acomhal an Ghoirtín Rua ar Bhóthar Shráid an Mhuilinn le Fo-dhroichead an Ghoirtín Rua nach mór iomlán críochnaithe. Tá fo-dhroichidí á dtógáil anois i gCluain Fada agus i gCoill na nGoirtíní mar atá na bóithre áitiúla dúnta chun cabhrú leis na hoibreacha tógála. Tá asbhaint charraige shuntasach de dhíth ag na láithreacha seo, le doimhneacht tochailte de 8.0m ag teastáil i gCluain Fada agus doimhneacht de 15.0m i gCoill na nGoirtíní. Tá formhór na carraige a bhí le baint as na láithreacha seo bainte anois le pléascadh carraige.

Tá móroibreacha cré ag éirí feiceálach anois ar an suíomh. Tá méid mhór ábhair a bhí tochailte i nGoirtín Rua agus i gCoill na nGoirtíní curtha anois isteach sna claífoirt in lomaire. Táimid le déanaí tar éis Droichead Abha an tSuláin a thrasnú agus táimid i mbun oibre anois ar an gclaífort i dtreo Chúil Chomhair.

Osclaíodh Tar-dhroichead Chúil Liatháin le déanaí don thrácht ar an mbóthar áitiúil. Osclaíodh Bóthar Áitiúil Bhaile Uí Bhiaráin Thoir Thuaidh, bóthar nua-thógtha, do thrácht agus tá ailíniú déanta ar Bhóthar Bhaile na Graí le dul faoi fo-dhroichead nua-thógtha Bhaile Uí Bhiaráin.

Tá obair mhór curtha i gcrích i gCarraig an Phúca le tógáil fo-dhroichead Charraig an Phúca ar an N22, Timpeallán Charraig an Phúca agus Bóthar Ceangail Nua Siar Charraig an Phúca. D'oscail an t-ailíniú bóthair nua seo do thrácht ar an 4 Meitheamh 2021 tar éis roinnt seachtainí faoi bhainistiú sealadach tráchta chun ligint do na hoibreacha tógála dul ar aghaidh.

Cuireadh tús le déanaí le hoibreacha príomhlíne draenála laistiar de Acomhal an Ghoirtín Rua.

Tá tús curtha agus dul chun maith déanta ar an ailíniú príomhlíne laistiar de Charraig an Phúca chomh fada le Bóthar Chill na Martra le dul chun cinn maith déanta ar mhóroibreacha cré chomh maith le suiteáil struchtúir agus líntéirí draenála.

Sa **Chuid Thiar** den tionscadal, tá dul chun cinn an-mhór déanta le roinnt míonna anuas.

Baineadh clochmhíle tábhachtach amach le trácht tógála ag trasnú Abha na Biochaille, rud a tharla i lár mhí an Mheithimh.

Clochmhíle tábhachtach eile ab ea oscailt Tar-dhroichead na gCillíní do thrácht áitiúil. Cuireadh dromchla ar an droichead agus ar na ceangail-bhóithre áitiúla rud a cheadaigh dúinn iad a oscailt do thrácht áitiúil. Críochnaíodh Fo-dhroichead na gCillíní ar an 'Bóthar Uachtarach' agus osclaíodh é do thrácht áitiúil i lár mhí Lúnasa.

Tá dul chun cinn maith déanta ag an 'Ceangal Isteach Thiar' áit a cheanglóidh an bóthar nua leis an N22 atá ann cheana agus formhór na n-oibreacha cré críochnaithe faoin tráth seo. Tá an obair ag dul ar aghaidh riamh is choíche ag an láthair seo.

Tá roinnt mhaith carraige le baint as an láthair mar chuid den tochailt atá le déanamh don ailíniú príomhlíne tríd an Sliabh Riabhach. Arís, le cabhair ó phléascadh carraige, tá dul chun cinn maith á dhéanamh anseo le breis agus 50,000 méadar ciúbach de charraig bainte faoin tráth seo.

Tá Acomhal Thonn Láin faoi thógáil i láthair na huaire. Cuireadh na hoibreacha anseo chun cinn go mór i mí Lúnasa maidir le Leagadh Síos Colbha, Draenáil agus Oibreacha Dromchla.

Struchtúr suntasach le trí réise is ea an droichead a iompróidh an t-ailíniú príomhlíne thar an N22 atá ann cheana ag Cúil na Cathrach. Tá tógáil an struchtúir seo ag dul chun cinn faoi láthair le bíomaí droichead curtha in áit ó lár mhí Lúnasa.

Conas teagmháil
a dhéanamh linn:

Teileafón

087-4581555

Freagrófar le linn
gnáth uaireanta
oifige, nó fág
teachtaireacht

R-phost

info@n22bbm.ie

Suíomh

www.n22bbm.ie

Seoladh

Oifigí Láithreáin N22
BBM, Bóthar Shráid
an Mhuilinn, Maigh
Chromtha, P12 PN24



Charraig an Phúca



Cillín

Spricanna do mhíonna Lúnasa agus Mheán Fómhair 2021:

Sa Chuid Thoir:

- Leanúint le móroibreacha cré i dtreo Chúil Chomhair
- Bóthar Chluain Fada a ath-oscailt
- Bóthar Shráid an Mhuilinn a oscailt don acomhal ailínithe
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Tar-dhroichead Choill na nGoirtíní
- Leanúint do bheith ag cur Oibreacha Cóireála i gcrích d'úinéirí talún

Sa Chuid Thiar:

- Acomhal Thonn Láin a chríochnú agus an L-3409, Bóthar Chluain Droichead, a oscailt do thrácht.
- Oibreacha a chur chun cinn ar an bhforstruchtúr úd Fo-dhroichead Chúil na Cathrach
- Leanúint do bheith ag cur na struchtúir ag an Ceangal Isteach Thiar chun cinn
- Leanúint ar an Sliabh Riabhach do bheith ag baint an fhorchlúdaigh ó bharr an ghearrtha agus leanúint don phléascadh leis an gcarraig a bhaint as.



Cúil na Cathrach



Cúil Comhair

Cuirfear gach socrú bainistíocht tráchtas san áireamh ar an gcóras *Mapalerter* atá ar fáil ar <https://www.mapalerter.com/>

Más mian leat go gcuirfí tú ar liosta seachadta na Nuachtlitreach seo bí i dteagmháil linn ag info@n22bbm.ie

Is mian leis an bhfoireann ar fad atá páirteach a mbuóchas a chur in iúl do mhuintir Mhaigh Chromtha, Bhaile Bhuirne agus na háiteanna máguaird as a gcuid comhoibrithe agus aithnímid go bhféadfadh na hoibreacha deacrachtaí a chruthú do dhaoine. Táimid buíoch as bhuir gcuid foighne agus gabhaimid ár leithscéal as aon mhí-chaoithiúlacht. Tabhair faoi deara le do thoil, go bhféadfadh athrú teacht ar sceidealú na n-oibreacha de réir mar a théann an obair ar aghaidh – coimeádfar an pobal ar an eolas maidir le haon athruithe.